

COMHALTA DEN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA - SONRAÍOCHT RÓIL Comhalta Neamhspleách (a bhfuil eolas agus saineolas ábhartha aige/aici chun léargas a thabhairt ar rioscaí a bhaineann le bainistíocht airgeadais, iniúcháireachta agus TFC Choimisiún na Meán).

An Eagraíocht

Bunaíodh Coimisiún na Meán an 15 Márta 2023 maidir leis na forálacha den [Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán \(OSMR\) 2022](#). An dáta úd, aistríodh gach feidhm a bhí dílsithe don eagraíocht a bhí ann roimhe, Údarás Craolacháin na hÉireann, chuig an eagraíocht nua. Oibrímid go príomha i gcomhréir leis an [Acht Craolacháin 2009](#), arna leasú.

Mar rialtóir neamhspleách na meán, is sinne gníomhaireacht na hÉireann chun tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a fhorbairt agus a rialáil. Mar rialtóir neamhspleách na meán, táimid freagrach as craoltóirí, soláthraithe físeán ar éileamh agus ardáin ar líne atá lonnaithe in Éirinn a rialáil. Cuimsíonn ár sainchúram fairsing tacú le hearnáil na meán in Éirinn agus í a fhorbairt freisin. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar ár suíomh gréasáin anseo: <https://www.cnam.ie/ga/>

Struchtúr Rialachais

Tá Coimisiún na Meán faoi stiúir Cathaoirligh agus ceathrar Coimisinéirí; tugtar an Coimisiún orthu i dteannta a chéile. Is é an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt a cheapann na baill foirne feidhmiúcháin lánaimseartha seo agus feidhmíonn siad mar chomhlacht cinnteoireachta Choimisiún na Meán. Is é an Cathaoirleach Feidhmiúcháin an tOifigeach Cuntasaíochta agus, nuair a iarrtar air nó uirthi, ceanglaítear air nó uirthi fianaise a sholáthar do Choiste Dháil Éireann maidir le rialtacht agus cuibheas idirbhearta an Choimisiúin Cinnteoireachta, barainneacht agus éifeachtúlacht a úsáide acmhainní, éifeachtacht a oibríochtaí, agus aon saincheist iomchuí i dtuairiscí ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

An Coiste Iniúcháireachta agus Rioscaí

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca bunaithe ag an gCoimisiún Cinnteoireachta chun tacú leo ina bhfreagrachtaí maidir le saincheistean riosca, rialaithe, agus rialachais trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuiditheacht na ndearbhuithe i ndáil le riachtanais dearbhaithe an Choimisiúin Cinnteoireachta agus an Oifigigh Cuntasaíochta a chomhlíonadh agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus sláine na ndearbhuithe sin.

Mar a shonraítear in Alt 7.12 de Chód Cleachtais 2016 maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, ba cheart do Bhord comhlachta Stáit Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a bhunú ina mbeadh ar a laghad triúr comhaltaí neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin den Bhord. I gcás nach mbeidh ar Bhord ach comhaltaí feidhmiúcháin den Bhord, ba cheart socrúithe eile a dhéanamh chun Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a bhunú, lena n-áirítear pearsanra seachtrach neamhspleách a úsáid.

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Choimisiúin comhdhéanta de Chathaoirleach seachtrach neamhspleách, beirt comhaltaí seachtracha neamhspleácha breise agus beirt Choimisinéirí.

An Ról

Tá an Coimisiún Cinnteoireachta ag iarraidh anois comhalta seachtrach neamhspleách a cheapadh ar a Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Tá an Coimisiún Cinnteoireachta ag lorg duine aonair a bhfuil eolas cruthaithe aige nó aici ar bhainistíocht airgeadais, ar chuntasaíocht agus ar iniúcháireacht, agus/nó ar rialachas corparáideach agus ar bhainistíocht TFC. Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi páirteach i gCoiste láidir coláisteach agus ceapfar é nó í mar dhuine de chomhaltaí seachtracha neamhspleácha an Choiste.

Freagrachtaí

Leagtar amach Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca san fhoscríbhinn a ghabhann leis an tsonraíocht ról seo.

Cuirfidh Comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca comhairle ar an gCoimisiún Cinnteoireachta maidir leis an méid seo a leanas:

- na próisis straitéiseacha i ndáil le rioscaí, rialú inmheánach agus rialachas;
- na beartais chuntasaíochta, na ráitis airgeadais, agus tuarascáil bhliantúil na heagraíochta, lena n-áirítear an próiseas le haghaidh athbhreithniú ar na ráitis airgeadais sula gcuirtear isteach iad don iniúchadh, méid na n-earráidí a aithnítear, agus litir uirill an lucht bainistíochta chuig na hiniúcháirí seachtracha;
- an ghníomhaíocht atá beartaithe agus torthaí na n-iniúchtaí, idir inmheánach agus seachtrach;
- cuibheas fhreagra an lucht bainistíochta ar shaincheistean a aithnítear i ngníomhaíocht iniúchta, lena n-áirítear litir uirill an lucht bainistíochta maidir leis an iniúchadh seachtrach;
- dearbhuithe a bhaineann le bainistíocht rioscaí agus ceanglais rialachais chorpáráidigh don chomhlacht stáit;
- (más cuí) tograí chun tairiscint a chur isteach ar sheirbhísí iniúchta inmheánaigh nó sheachtraigh nó chun seirbhísí neamh-iniúcháireachta a cheannach ó chonraitheoirí a chuireann seirbhísí iniúcháireachta ar fáil;
- beartais frithchalaoise, próisis um nochtadh cosanta, agus socruithe i gcomhair imscrúduithe speisialta; agus
- déanfaidh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú tréimhsiúil freisin ar a éifeachtacht féin agus tuairisceoidh sé torthaí an athbhreithnithe sin don Choimisiún Cinnteoireachta.

Scileanna agus Cáilíochtaí Inmhianaithe don Fholúntas Reatha

- Ní mór don iarrthóir a bheith ina ghairmí sinsearach airgeadais agus/nó rialachais chorpáráidigh, ag a bhfuil saineolas ar bhainistíocht airgeadais agus iniúcháireachta, agus taithí deich mbliana ar a laghad ar bhainistíocht shinsearach aige/aici más féidir.
- Tuiscint a bheith aige/aici ar ról comhlachta rialála.
- Eolas a bheith aige/aici ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Bheadh eolas agus saineolas ar TFC agus ar chibear-rioscaí ina bhuntáiste.
- An t-am agus an tiomantas aige nó aici chun an ról a chomhlíonadh.
- Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide.
- Tiomantas don leibhéal is airde rialachais chorpáráidigh.
- Bheadh taithí roimhe seo ag fónamh ar Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ina bhuntáiste.

Cruinnithe

Tiocfaidh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca cruinnithe breise a thionól, de réir mar a mheasann siad is gá. Bíonn cruinnithe ar siúl go pearsanta in oifigí Choimisiún na Meán i mBaile Átha Cliath 4 agus de ghnáth bíonn siad idir trí agus ceithre huaire an chloig ar fad.

Téarma Ceapacháin

Ceaptar comhaltaí an Choiste ar feadh tréimhse trí bliana, tréimhse is féidir a athnuachan ar feadh suas le trí bliana, go dtí uasmhéid sé bliana san iomlán.

Luach Saothair

Íocfaidh Coimisiún na Meán táille bhliantúil €4,800 le comhaltaí an Choiste.

Conas iarratas a dhéanamh

Tá an próiseas earcaíochta seo á reáchtáil trí léiriú spéise oscailte chun trédhearcacht a chinntiú agus chun iarrthóirí a bhfuil na scileanna agus an taithí iomchuí acu a mhealladh. Tá Coimisiún na Meán tiomanta don chomhionannas, don éagsúlacht agus don ionchuimsitheacht agus fáiltíonn sé roimh iarratais ó iarrthóirí atá cáilithe go iomchuí ó gach cúlra.

Ba cheart iarratais a sheoladh trí ríomhphost chuig arcruitment@cnam.ie agus ba cheart na nithe seo a leanas a bheith san áireamh iontu:

- curriculum vitae, agus
- ráiteas gearr ina leagtar amach taithí ábhartha agus oiriúnacht don ról.

Is é 19/11/26, an dáta deiridh le haghaidh iarratas.

Cuirfear liosta d'iarrthóirí atá cáilithe go iomchuí faoi bhráid an Choimisiúin Cinnteoireachta lena mbreithniú agus lena gcinneadh. Is é an Coimisiún Cinnteoireachta a cheapfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Faisnéis bhreise

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi ról agus faoi chomhaltaí reatha an Choiste, téigh i dteagmháil le Rúnaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Caradh O'Donovan, ag arcruitment@cnam.ie.

AGUISÍN

Cairt agus Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe ag an gCoimisiún Cinnteoireachta chun tacú leo ina bhfreagrachtaí maidir le saincheistean riosca, rialaithe agus rialachais trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na ndearbhuithe maidir le riachtanais dearbhaithe an Choimisiúin Cinnteoireachta agus an Oifigigh Cuntasaíochta a chomhlíonadh agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus sláine na ndearbhuithe sin.

Comhaltas

Is é an Coimisiún Cinnteoireachta a cheapfaidh comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ní bheidh níos mó ná seisear ann:

- beirt Choimisinéirí (Nóta: Is é an Cathaoirleach an tOifigeach Cuntasaíochta agus dá bhrí sin ní cheapfar é ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca);
- ceathrar comhaltaí seachtracha neamhspleácha ar a mhéad:

Tabhair faoi deara: Tá sé beartaithe go n-oibreoidh an Coiste le triúr comhaltaí seachtracha neamhspleácha, ach d'fhéadfadh an líon sin méadú go ceathrar chun go mbeidh tuiscint ag comhalta nua ar oibriú an Choiste (sula rachaidh téarma an chomhalta a bhfuil siad ag teacht ina ionad in éag).

- beidh duine de na comhaltaí seachtracha arna gceapadh ag an gCoimisiún Cinnteoireachta ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca;
- cuirfidh feidhm Rialachais Choimisiún na Meán feidhm rúnaíochta ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca;
- déanfar ráiteas maidir le leasanna na gcomhaltaí i ndáil le leasanna ábhartha agus leasanna na gcomhaltaí iomchuí a ullmhú go bliantúil;
- i gcás ina dtagann coinbhleacht leasa chun cinn le linn obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, cuirfidh an comhalta é sin in iúl don Chathaoirleach agus, i gcás inar gá, fágfaidh sé nó sí an seomra ar feadh thréimhse an phlé agus ní ghlacfaidh sé nó sí páirt in aon chinntí a bhaineann leis an bplé. Ba cheart nóta chuige sin a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe.

Tuairisciú

- tuairisceoidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go foirmiúil i scríbhinn don Choimisiún Cinnteoireachta; agus
- cuirfidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Tuarascáil Bhliantúil ar fáil don Choimisiún Cinnteoireachta, a bheidh tráthúil chun tacú le bailchríoch a chur ar an tuarascáil bhliantúil agus ar na ráitis airgeadais, ina ndéanfar achoimre ar a chonclúidí ón obair a rinne sé le linn na bliana.

Freagrachtaí

Cuirfidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhairle ar an gCoimisiún Cinnteoireachta maidir leis an méid seo a leanas:

- na próisis straitéiseacha i ndáil le rioscaí, rialú inmheánach agus rialachas;
- na beartais chuntasaíochta, na ráitis airgeadais, agus tuarascáil bhliantúil na heagraíochta, lena n-áirítear an próiseas le haghaidh athbhreithniú ar na ráitis airgeadais sula gcuirtear isteach iad don iniúchadh, méid na n-earráidí a aithnítear, agus litir uirill an lucht bainistíochta chuig na hiniúcháirí seachtracha;
- an ghníomhaíocht atá beartaithe agus torthaí na n-iniúchtaí, idir inmheánach agus seachtrach;
- cuibheas fhreagra an lucht bainistíochta ar shaincheistean a aithnítear i ngníomhaíocht iniúchta, lena n-áirítear litir uirill an lucht bainistíochta maidir leis an iniúchadh seachtrach;
- dearbhuithe a bhaineann le bainistíocht rioscaí agus ceanglais rialachais chorpáraidigh don chomhlacht stáit;

- (más cuí) tograí chun tairiscint a chur isteach ar sheirbhísí iniúchta inmheánaigh nó sheachtraigh nó chun seirbhísí neamh-iniúchóireachta a cheannach ó chonraitheoirí a chuireann seirbhísí iniúchóireachta ar fáil;
- beartais frithchalaoise, próisis um nochtadh cosanta, agus socruithe i gcomhair imscrúduithe speisialta; agus
- déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú tréimhsiúil freisin ar a éifeachtacht féin agus tuairisceoidh sé torthaí an athbhreithnithe sin don Choimisiún Cinnteoireachta.

Cearta

Féadfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an méid seo a leanas a dhéanamh:

- comhalta breise a chomhthoghadh chun sainscileanna, eolas agus taithí a chur ar fáil; agus
- sainchomhairle *ad hoc* a sholáthar ar chostas réasúnta chomhlacht an Stáit, faoi réir buiséid arna gcomhaontú ag an gCoimisiún Cinnteoireachta.

Iniúchóireacht Inmheánach

I bhfianaise chineál ghníomhaíochtaí Choimisiún na Meán agus na n-acmhainní atá ar fáil dó, meastar gurb íomchuí an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a sheachfhoinsíú. Tuairisceoidh Comhpháirtí nó Stiúrthóir an ghnóilachta sheachtraigh a sholáthraíonn seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí go feidhmiúil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ó thaobh riaracháin de (i.e. oibríochtaí ó lá go lá) don Stiúrthóir Rialachais.

Rochtain

Beidh rochtain shaor agus rúnda ag an gComhpháirtí nó ag Stiúrthóir an ghnóilachta sheachtraigh a sholáthraíonn seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí ar Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Cruinnithe

- tiocfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire sa bhliain ar a laghad. Féadfaidh Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca cruinnithe breise a thionól, de réir mar a mheasann siad is gá;
- Beidh triúr comhaltaí ar a laghad, lena n-áirítear beirt chomhaltaí sheachtracha den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca,
 - i láthair chun go mbeidh cruinniú le córam;
- ós rud é go n-éilfíonn gnó an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca gur cheart do Chathaoirleach Feidhmiúcháin an Choimisiún Cinnteoireachta, don Stiúrthóir Airgeadais, don Stiúrthóir Rialachais, don Phríomhoifigeach Riosca, do Chomhpháirtí nó do Stiúrthóir an ghnóilachta sheachtraigh a sholáthraíonn seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí agus d'ionadaí iniúchóireachta seachtraí freastal ar chruinnithe sonracha nó ar mhíreanna sonracha ar an gclár oibre arna iarraidh sin don Choiste;
- féadfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca iarraidh ar aon oifigigh eile de chuid an chomhlachta Stáit freastal chun cabhrú leis lena phléití maidir le haon ábhar ar leith;
- féadfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca iarraidh ar aon duine nó orthu sin go léir a bhíonn i láthair de ghnáth ach nach comhaltaí iad tarraingt siar chun plé oscailte macánta ar nithe áirithe a éascú; agus
- féadfaidh an Coimisiún Cinnteoireachta iarraidh ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca tuilleadh cruinnithe a thionól chun saincheisteanna áirithe a bhfuil comhairle an Choiste á lorg acu ina leith a phlé.

Riachtanas faisnéise

I gcás gach cruinnithe, cuirfear an méid seo a leanas ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, seachtain amháin ar a laghad roimh gach cruinniú:

- tuarascáil ina ndéantar achoimre ar aon athrú suntasach ar rioscaí straitéiseacha an chomhlachta Stáit agus cóip den Chlár Riosca straitéiseach/corparáideach;
- tuarascáil ar dhul chun cinn ó Chomhpháirtí nó Stiúrthóir an ghnóilachta sheachtraigh a sholáthraíonn seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí ina ndéantar achoimre ar an méid seo a leanas:
- obair a rinneadh (agus comparáid leis an obair atá beartaithe);

- príomh-shaincheistean a eascraíonn as obair na hiniúcháireachta inmheánaí;
- freagairt bhainistíochta ar mholtaí iniúcháireachta;
- athruithe ar an bplean iniúcháireachta inmheánaí comhaontaithe; agus
- aon saincheistean acmhainní a dhéanann difear do bhaint amach chuspóirí na hiniúcháireachta inmheánaí.
- tuairiscí ar dhul chun cinn (scríofa/ó bhéal) ón ionadaí iniúcháireachta seachtrach ina ndéantar achoimre ar an obair a rinneadh agus ar thorthaí atá ag teacht chun cinn (d'fhéadfaí a áireamh leis sin, i gcás inarb ábhartha don eagraíocht, gnéithe den obair níos leithne a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, mar shampla, tuarascálacha ar Luach ar Airgead agus torthaí dea-chleachtais);
- tuairiscí dearbhaithe bainistíochta; agus
- tuairiscí ar bhainistiú mórtheagmhas, 'neasteagmhais' agus ceachtanna a foghlaimíodh.

De réir mar is iomchuí agus nuair is iomchuí, cuirfear na nithe seo a leanas ar fáil don Choiste freisin:

- tograí le haghaidh théarmaí tagartha na hiniúcháireachta inmheánaí / na cairte iniúcháireachta inmheánaí;
- an straitéis iniúcháireachta inmheánaí;
- Comhpháirtí nó Stiúrthóir an ghnóilachta sheachtraigh a sholáthraíonn tuairim agus tuarascáil bhliantúil na seirbhísí iniúcháireachta inmheánaí;
- tuairiscí dearbhaithe cáilíochta maidir leis an Aonad um Iniúcháireacht Inmheánach;
- dréachtráitis airgeadais na heagraíochta;
- an dréachtráiteas rialachais;
- tuarascáil maidir le haon athruithe ar bheartais chuntasaíochta;
- litir bhainistíochta an iniúchta sheachtraigh;
- tuarascáil maidir le haon tograí le haghaidh tairisceana i ndáil le feidhmeanna iniúcháireachta, i gcás inarb iomchuí;
- tuarascáil ar chomhar idir iniúcháireacht inmheánach agus iniúcháireacht sheachtrach; agus
- straitéis bainistíochta riosca na heagraíochta.

Leasú ar an gCairt

Féadfar an Chairt seo a leasú nó a thabhairt cothrom le dáta i gcomhairliúchán comhpháirteach idir an Coimisiún Cinnteoireachta agus an Coiste. Déanfar é a athbhreithniú go bliantúil.

Patricia Byron

Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Dáta

Jeremy Godfrey

Cathaoirleach Feidhmiúcháin an Choimisiúin

Dáta